
# PLEAN ÁINEASA FAOIN AER AN CHLÁIR

(2025 -2030)



Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir | Clare Local Development Company

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

COILLTE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clare Sports Partnership
SPORT IRELAND

Tá tacaíocht á tabhairt don phlean seo ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

Ní thugann an Plean toiliú, ní bhunaíonn sé creat chun toiliú a dheonú agus ní chuireann sé le creat chun toiliú a dheonú. Ní leagann Plean Áineasa Faoin Aer an Chláir 2025-2030 amach an creat le haghaidh toiliú forbartha a dheonú do thionscadail amach anseo, agus ní mór dó a bheith ag teacht leis an Bheartas Náisiúnta agus Réigiúnach Pleanála agus go háirithe le Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029. Aon tionscadail a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a bhaineann leis an Phlean, beidh orthu cloí, de réir mar is cuí, le reachtaíocht, beartais, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí ar leibhéal níos ísle, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnúcháin eile de réir mar is cuí) is cuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhfhocal | 2 |
| Achoimre Fheidhmiúcháin | 4 |
| Plean Gníomhaíochta | 5 |
| Réamhrá | 6 |
| Comhthéacs | 8 |
| Ár Spásanna Glasa agus Gorma | 8 |
| Páirt a Ghlacadh | 8 |
| An Tírdhreach Straitéiseach | 9 |
| Na Deiseanna agus na Dúshláin | 9 |
| Téamaí Trasghearrtha agus Tuairimí ón Chomhairliúchán | 10 |
| Plean Gníomhaíochta Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir | 12 |
| Colún a hAon: Comhoibriú, Ceannaireacht, Meas, Eolas | 14 |
| Cás-Staidéar: 12 O'Clock Hills | 16 |
| Colún a Dó: An Taithí a Spreagadh | 18 |
| Cás-Staidéar: Kayak le Chéile | 21 |
| Colún a Trí: Acmhainn a Bhainistiú | 22 |
| Cás-Staidéar: Bus NPWS chuig na Conairí Siúil | 25 |
| Giorrúcháin na nEagraíochtaí | 28 |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | 29 |
| Aguisín 1: Straitéisí Náisiúnta agus Áitiúla | 30 |
| Aguisín 2: An Timpeallacht Straitéiseach | 35 |



# Réamhfhocal


Is le mórtas mór a chuirim Plean Áineasa Faoin Aer an Chláir i láthair, plean atá mar thoradh ar chomhoibriú, ar léargas pobail agus ar uaillmhian chomhroinnte i leith thodhchaí an áineasa faoin aer inár gcontae. Léiríonn an plean seo guth agus fís chomhchoiteann réimse leathan comhpháirtithe ar cás leo go mór muintir agus áiteanna an Chláir. Le bliain anuas, tá páirtithe leasmhara ó phobail áitiúla, ó ghníomhaireachtaí náisiúnta, ó úinéirí talún, ó ghrúpaí áineasa, ó eagraíochtaí comhshaoil agus ó chomhlachtaí poiblí tagtha le chéile chun plean a mhúnlú atá cuimsitheach, uaillmhianach agus fréamhaithe i meas ar ár dtírdhreacha agus ar an dream a bhaineann úsáid astu araon.

Mar Chathaoirleach ar Choiste Áineasa Faoin Aer an Chontae (CORC), ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama, a gcuid eolais agus a ndearcadh i rith an phróisis forbartha. Bhí bhur n-ionchur ríthábhachtach chun na deiseanna, na dúshláin agus na tosaíochtaí is bunchloch don phlean seo anois a shainaithint. Tá aitheantas ar leith ag dul dár nOifigeach Áineasa Faoin Aer, Jessica O'Keeffe, a raibh a fuinneamh, a comhordú agus a díograis i leith rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach chun an próiseas a bhrú chun cinn. Chinntigh obair Jessica go bhfuil an plean seo bunaithe ar réaltachtaí áitiúla agus ailínithe le straitéisí náisiúnta araon.

Leagann an plean amach na croíréimsí gníomhaíochta a threoróidh ár gcuid oibre: Comhoibriú, Ceannaireacht, Meas agus Eolas; An Taithí a Spreagadh; agus Acmhainn a Bhainistiú. Tacóidh na colúin seo le cultúr áineasa faoin aer níos bríomhaire, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt ar fud an Chláir. Tá an plean fréamhaithe i dTéigh Amach Faoin Aer, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer, agus cothaíonn sé go díreach Plean Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp an Chláir.

Ní ceann scríbe deiridh é an plean seo ach pointe tosaigh. Braitheann a rath ar chomhpháirtíocht leanúnach, ar mhaoirseacht chomhroinnte agus ar thiomantas comhchoiteann dá spriocanna a bhaint amach. Táim ag tnúth le bheith ag obair libh go léir agus an fhís seo á tabhairt chun beatha againn, ar mhaithe lenár bpobail, lenár gcuairteoirí agus leis na glúnta atá le teacht.

**Eoin Hogan, Cathaoirleach, Coiste Áineasa Faoin Aer an Chontae**





"I gContae an Chláir, ní hamháin gur ann a théimid amach; is ann is dual dúinn a bheith. Daingníonn sé ár bhféiniúlacht, cothaíonn sé ár bhfolláine agus tugann sé le chéile sinn ar bhealaí a bhfuil brí leo.

Cuireann sé fís chomhroinnte ar fáil chun ár spásanna faoin aer a fheabhsú, a bhainistiú agus a chaomhnú, rud a chinntíonn go bhfuil siad inrochtana, inbhuanaithe agus taitneamhach do chách. Aithníonn sé cumhacht na gníomhaíochta faoin aer chun an tsláinte agus an ceangal pobail a fheabhsú, agus leagann sé bunchloch straitéiseach síos d'infheistíocht agus do rannpháirtíocht amach anseo."

**John Sweeney, Príomhfheidhmeannach, Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir**



"Neartaíonn an t-áineas faoin aer pobail thuaithe, cothaíonn sé ceangal le háit, agus cruthaíonn sé conairí nua don chuimsiú agus don fhiontraíocht. Cinntíonn an plean seo go rachaidh ár spásanna comhroinnte chun tairbhe do mhuintir uile an Chláir."

**Doirin Graham, Príomhfheidhmeannach, Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir**



"Is treoirphlean é seo maidir leis an fhás a chothromú leis an inbhuanaitheacht, á chinntiú go bhfanfaidh tírdhreacha suntasacha an Chláir inrochtana, fáilteach agus athléimneach do na glúnta atá le teacht."

**Gordon Daly, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir**



# Achoimre Fheidhmiúcháin

*Is é fís an Phlean Gníomhaíochta Áineasa Faoin Aer seo ná:*

*Rannpháirtíocht a chur chun cinn chun tairbhí sóisialta, sláinte agus eacnamaíocha agus caighdeán maireachtála a bhaint amach dár saoránaigh uile, agus meas á léiriú ag an am céanna ar ár dtírdhreach nádúrtha agus tacaíocht á tabhairt d'áineas freagrach faoin aer.*

Áirítear le háineas faoin aer gníomhaíochtaí sa timpeallacht nádúrtha, ar nós siúlóireachta, canúála, rothaíochta sléibhe, treodóireachta agus snámha fhiáin. Ní liosta uileghabhálach é seo. Ní áirítear leis gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ar pháirceanna nó ar chúrsaí (galf, peil) ná spóirt innealghluaiste ar nós cuadrothar agus scramblóirí.

Tá Plean Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir seo ailínithe le Téigh Amach Faoin Aer, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer, agus le Plean Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp an Chláir, ionas go mbeidh cur chuige comhordaithe inbhuanaithe ann chun an saol faoin aer i gContae an Chláir agus in Éirinn a fhorbairt, a bhainistiú agus a úsáid.





Tá Cúig Théama Straitéiseacha tagtha chun solais as próiseas comhairliúcháin leanúnach, áitiúil agus náisiúnta araon, le heagraíochtaí, le pobail agus le rannpháirtithe in earnáil an áineasa faoin aer:

- **Áiteanna:** ní mór dúinn ár n-áiteanna áineasa faoin aer a chaomhnú, a chothabháil agus a bhuanú.
- **Daoine:** cuirfimid tuilleadh rannpháirtithe san áireamh agus coinneoimid iad i gcultúr measúil.
- **Comhpháirtíocht:** comhoibriú leanúnach idir páirtithe leasmhara.
- **Rannpháirtíocht:** raon deiseanna atá ag fás, le soláthraithe gníomhaíochtaí éagsúla.
- **Cur Chun Cinn:** tá gá le tuilleadh acmhainní feasachta agus cumarsáide.

Ionchorpraíonn an Plean Gníomhaíochta na cúig théama seo ar fud a thrí cholún agus a naoi réimse gníomhaíochta.



## Plean Gníomhaíochta Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir. Rannpháirtíocht, Teacht Chun Cinn agus Dréachtú

### An Próiseas Comhairliúcháin

**Comhairliúchán tosaigh,** cruinnithe, fóraim, cuairteanna láithreáin agus ceistneoirí.

**Tuiscint ag teacht chun cinn agus cáipéis phlé.** Aiseolas.

**Dréachtaí agus an Plean Gníomhaíochta deiridh.**

### Sainmhíniú

**"Áirítear le háineas faoin aer gníomhaíochtaí coirp a bhíonn ar siúl sa timpeallacht nádúrtha, ar nós siúlóireachta, canúála, rothaíochta sléibhe, surfála, rothaíochta agus snámha fhiáin."**
Téigh Amach Faoin Aer, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027.

### Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn

**Áiteanna**
Áiteanna Áineasa Faoin Aer a Chaomhnú, a Chothabháil agus a Bhuanú.

**Daoine**
Tuilleadh rannpháirtithe a chur san áireamh i gcultúr measúil.

**Comhpháirtíocht**
Comhoibriú páirtithe leasmhara, féile maidir le rochtain ar thalamh.

**Rannpháirtíocht** Raon deiseanna, soláthraithe gníomhaíochtaí éagsúla.

**Cur Chun Cinn** Ardú feasachta agus acmhainní cumarsáide.

### Catagóirí Forbartha

Cothabháil agus Athnuachan Acmhainní atá ann cheana.

Atreorú Ionaid Mhalartacha, Iompar

Feabhsú Luach a chur leis, uasghrádú.

Beochan Cláir, Cur Chun Cinn

Leathnú Saoráidí Nua

### Colúin an Phlean Gníomhaíochta

Comhthuiscint agus comhoibriú ar mhaithe le háineas faoin aer atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe.

Tuilleadh deiseanna, soláthraithe inbhuanaithe, rannpháirtithe agus gníomhaíochtaí éagsúla

Ár mbonneagar a bhainistiú, ár dtimpeallacht a bhuanú agus comhoibriú le Contaetha comharsanachta.

## Réamhrá

Tá Plean Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta, Téigh Amach Faoin Aer 2023-2027, agus le Plean Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp an Chláir, ionas go mbeidh cur chuige comhordaithe inbhuanaithe ann chun an saol faoin aer i gContae an Chláir agus in Éirinn a fhorbairt, a bhainistiú agus a úsáid.

Tá Contae an Chláir suite ar chósta thiar na hÉireann agus tá cáil air as a oidhreacht shaibhir agus as a thírdhreacha atá éagsúil ó thaobh na geolaíochta de. Tá daonra de 118,817[1] sa Chontae, atá 3,450 ciliméadar cearnach ar achar, daonra atá ag éirí níos ilchultúrtha agus níos éagsúla ó thaobh eitneachais de. Tá sé teorantach leis an Aigéan Atlantach san iarthar, le hInbhear na Sionainne ó dheas, le Contae na Gaillimhe ó thuaidh, agus le Contaetha Thiobraid Árann agus Luimnigh san oirthear.

Cuireann an Contae cúlra éagsúil pictiúrtha ar fáil do ghníomhaíochtaí éagsúla áineasa faoin aer. Tacaíonn réigiún Bhoirne, 250 ciliméadar cearnach d'aolchloch charstach, le gnáthóga éagsúla agus is tearmann é don chnocadóireacht, don dreapadóireacht carraige agus don phluaisíocht.

Tá raon spóirt uisce, cnocadóireachta agus rothaíochta le fáil ag Inbhear na Sionainne agus ag Loch Deirgeirt, an tríú loch is mó in Éirinn, agus ina dtimpeall. Féachann Cill Rois, Ceann Léime agus Cill Chaoi amach ar an Atlantach agus cuireann siad ionaid ar fáil don tseoltóireacht, don iascaireacht slaite, don tumadóireacht scúba, don snorcláil agus do bhreathnú deilfeanna. Ar feadh chósta an Atlantaigh agus Aillte an Mhothair atá go mórthaibhseach, tá go leor láithreán cadhcála mara agus surfála, an Leacht ina measc, an ceann scríbe surfála is mó a bhfuil tóir air in Éirinn.

Cuireann na tírdhreacha agus na muirdhreacha éagsúla seo deiseanna áineasa faoin aer ar fáil ag leibhéil idir thosaigh agus ardleibhéal, agus tá infheistíocht shuntasach i mbonneagar áineasa faoin aer tar éis tacú le rannpháirtíocht mhuintir na háite agus cuairteoirí sa saol faoin aer i gContae an Chláir.




[1] An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2022



Cuireann na suíomhanna áineasa faoin aer agus na deiseanna rannpháirtíochta seo le caighdeán na maireachtála, cuireann siad deiseanna cruthaithe áite ar fáil agus is féidir leo bród áite a chothú.

Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta seo le héagsúlacht na ngníomhaíochtaí, na n-áiteanna agus na rannpháirtithe áineasa faoin aer i gContae an Chláir, agus léiríonn sé meas ar na pobail óstacha agus ar na húinéirí talún a chuireann rochtain ar an saol faoin aer ar fáil.

Aithníonn an plean seo tábhacht na hinrochtaineachta agus na cuimsitheachta[2] trí phrionsabail an Dearaidh Uilíoch, ionas go mbeidh spásanna faoin aer fáilteacha inúsáidte ann do chách.

Mar sin féin, is dúshlán é rannpháirtíocht san áineas faoin aer a mhéadú agus na hionaid áineasa faoin aer seo a bhuanú ó thaobh na héiceolaíochta de. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag soláthar, bainistiú, cothabháil agus úsáid an áineasa faoin aer ar láithreáin agus ar ghnáthóga caomhnaithe dúlra. Tá cosaint de dhíth ar na tírdhreacha seo, atá éagsúil ó thaobh na héiceolaíochta de, chun cailliúint dhíreach, indíreach nó charnach gnáthóige a chosc.

Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta seo le hinbhuanaitheacht agus le héagsúlacht éiceolaíoch trí fhaireachán a dhéanamh ar an áineas faoin aer i suíomhanna íogaire, trí acmhainn iompair rannpháirtithe a fheabhsú nuair is cuí, trí ionaid mhalartacha a spreagadh, agus trí scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí agus Measúnachta Tionchair Timpeallachta mar is gá d'fhorbairtí áineasa faoin aer. Má thagann aon tionscadail chun cinn as an phlean seo, bheidís faoi réir an phróisis reachtúil phleanála agus toilithe ábhartha, go háirithe Plean Forbartha Contae an Chláir 2023 - 2029 agus aon phlean a thiocfaidh ina ionad.

Cuirfidh Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC) an cheannaireacht agus an modh comhoibrithe ar fáil chun an plean seo a bhaint amach. Bunófar Fóram Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORF) chomh maith chun príomhcheisteanna áineasa faoin aer an Chontae a phlé agus dearcthaí a chur faoi bhráid CORC.

Bunófar grúpaí cur chun feidhme le haghaidh saincheisteanna ar leith de réir mar is gá.

### Struchtúr Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir

**Bíonn tionchar ag an tírdhreach fisiciúil, ag féile na n-úinéirí talún, ag ár n-oidhreacht áineasa agus chultúrtha, agus ag ár suíomh turasóireachta ar an áineas faoin aer i gContae an Chláir. Aithníonn an Plean Gníomhaíochta seo comhoibriú na bpáirtithe leasmhara seo, agus tacaíonn sé leis.**

**Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC)**

Áireofar leis an fhóram seo baill a bhfuil cuireadh tugtha dóibh agus atá ionadaíoch ar earnáil rannpháirtíochta an áineasa faoin aer.

Ag teacht le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad chun dearcthaí áineasa faoin aer a phlé agus a chur faoi bhráid an Choiste Áineasa Faoin Aer.

**Fóram Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORF)**

Tacaíonn an tOifigeach Áineasa Faoin Aer (ORO) le hobair CORC agus CORF.

Bíonn an tOifigeach Áineasa Tuaithe (RRO) gníomhach i bhforbairt bonneagair agus i rannpháirtíocht úinéirí talún.

Tá an coiste seo comhdhéanta d'ionadaithe na bpríomhpháirtithe leasmhara agus tá comhfhreagracht air as an áineas faoin aer i gContae an Chláir.

Tá CORC freagrach as an Phlean Gníomhaíochta a sheachadadh

**Colún 1:** Comhoibriú, Ceannaireacht,

**Colún 2:** An Taithí a Spreagadh.

**Colún 3:** Acmhainn a Bhainistiú

[2] Aithníonn an Plean seo lenár n-oibleagáidí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe dár bpobal áineasa faoin aer, agus tacaíonn sé leo, de réir na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018, an Achta um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, agus an Achta um Míchumas 2005.

## Comhthéacs

Tacaíonn tránna, bánna, inbhir agus aillte Chontae an Chláir, na machairí ísle agus na hardtailte, agus Boirne, chomh maith leis na lochanna agus na haibhneacha agus a n-éiceachórais luachmhara, le raon gníomhaíochtaí áineasa faoin aer. Tá cuid de na láithreáin seo ag forluí le contaetha comharsanachta, feadh na Sionainne, Loch Deirgeirt agus réigiún Bhoirne na Gaillimhe. Múnlaíonn na spásanna nádúrtha glasa agus gorma seo carachtar an tírdhreacha, agus cuireann siad ionaid den scoth agus éagsúla ar fáil don áineas faoin aer do chónaitheoirí agus don turasóireacht i gContae an Chláir.

### Ár Spásanna Glasa agus Gorma

Tá líonra na n-áiseanna áineasa faoin aer i gContae an Chláir ann a bhuí leis an rochtain fhial a thugann úinéirí talún ar thalamh príobháideach, chomh maith leis an rochtain a chuirtear ar fáil ar thailte stáit agus leathstáit.

Cuireann Comhairle Contae an Chláir raon saoráidí áineasa faoin aer ar fáil, á gcothabháil agus ag tacú leo, lena n-áirítear bealaí siúil agus rothaíochta, páirceanna, tránna agus áiteanna súgartha. Oibríonn an Clár Uisce d'Údaráis Áitiúla thar ceann Chomhairle Contae an Chláir chun pobail a threorú go dearfach i dtreo a n-uiscebhealaí intíre. Fostaíonn Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir an tOifigeach Áineasa Tuaithe do Chontae an Chláir agus déanann sí maoirseacht ar an Scéim Siúlóidí [3], ina bhfuil ocht gconair agus breis is céad úinéir talún rannpháirteach.


Cuireann Coillte sé láithreán áineasa a bhfuil conairí siúil orthu ar fáil ina cuid foraoisí i gContae an Chláir.

Tá ceithre Anaclann Dúlra ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i gContae an Chláir chomh maith le Páirc Náisiúnta na Boirne, agus déanann sí maoirseacht ar sheacht Limistéar is tríocha faoi Chaomhnú Speisialta agus ar dheich Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Tá creidiúnú Slí Ghorm faighte ag Uiscebhealaí Éireann ar Loch Deirgeirt, rud a ainmníonn an suíomh seo mar cheann scríbe suntasach spóirt uisce.

### Páirt a Ghlacadh

Is grúpaí pobail deonacha a d'fhorbair líon suntasach de na háiseanna áineasa faoin aer agus a choinníonn ar bun iad go fóill.

Tá roinnt gníomhaireachtaí áitiúla ann a thacaíonn le húsáid an tsaoil faoin aer, ar nós Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir, a fhostaíonn an tOifigeach Áineasa Faoin Aer do Chontae an Chláir agus atá freagrach as rannpháirtíocht spóirt agus áineas faoin aer atá ag fás sa Chontae. Cuireann Ionad Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer na Boirne, atá faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, áineas faoin aer ar fáil do dhaoine de gach aois, go háirithe sna hearnálacha oideachais agus óige. Tá raon éagsúil clubanna áineasa faoin aer i gContae an Chláir chomh maith le soláthraithe tráchtála gníomhaíochtaí áineasa faoin aer.



[3] Seoladh an Scéim Siúlóidí, a bhfuil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta i mbun maoirseachta uirthi, in 2008 chun forbairt agus cothabháil príomhchonairí siúil ag úinéirí talún príobháideacha a éascú.



### An Tírdhreach Straitéiseach

Múnlaíonn straitéisí forbartha náisiúnta agus áitiúla éagsúla an timpeallacht faoin aer i gContae an Chláir, ina measc:

- Tosaíochtaí infheistíochta Thionscadal Éireann 2040 maidir le geilleagair thuaithe neartaithe, soghluaisteacht inbhuanaithe, agus áiseanna agus oidhreacht fheabhsaithe.
- Clár Forbartha Tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta, an Talmhaíocht Ilfheidhmeach, agus Clár LEADER.
- Ár dTodhchaí Tuaithe agus an t-éileamh méadaithe ar áineas faoin aer agus ar thurasóireacht thuaithe.
- Cuireann Ár dTodhchaí Chomhroinnte béim ar íomhá na hÉireann mar cheann scríbe saoire do ghníomhaíochtaí faoin aer.
- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus ról an áineasa faoin aer maidir le rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú.
- Leagann Téigh Amach Faoin Aer, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027, an comhthéacs straitéiseach amach don Phlean Gníomhaíochta seo.
- Cuireann Seirbhísí Local Link de chuid Iompar d'Éirinn rochtain iompair ar an saol faoin aer ar fáil i gcodanna de Chontae an Chláir.

### Na Deiseanna agus na Dúshláin

Breithneoidh an Plean Gníomhaíochta seo raon deiseanna agus dúshlán[4] don áineas faoin aer i gContae an Chláir. Tá deiseanna ann chun leanúint de chothromaíocht a bhaint amach idir taitneamh a bhaint as an saol faoin aer agus inbhuanaitheacht na bpobal óstach. Ní mór bithéagsúlacht shaibhir ár dtalún, ár gcósta agus ár n-uiscebhealaí intíre a chosaint ar chur isteach i limistéir íogaire nó ar ró-úsáid a shatlaíonn ar an saol faoin aer ar mian linn taitneamh a bhaint as. Ní mór meas a bheith ar na daoine a chónaíonn sna limistéir seo chomh maith. Is cuid é d'aitheantas agus de bhuanú na bpobal ag an saol faoin aer: acmhainn iompair a mbóithre, páirceáil thuisceanach, bruscar a sheachaint, bainistiú maith madraí, cur leis an gheilleagar áitiúil agus meas a léiriú ar úinéirí talún.

Tá deiseanna ann freisin chun tuilleadh daoine a chur san áireamh sa saol faoin aer. Ba cheart fáilte chomhionann a chur roimh chónaitheoirí nua, roimh dhaoine a bhfuil próifílí socheacnamaíocha níos ísle acu agus roimh dhaoine faoi mhíchumas. Is cuid den réiteach iad seo a leanas chun gach duine a chur amach faoin aer: an saol faoin aer a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inrochtana, gníomhaíochtaí níos éagsúla a chur ar fáil, cláir rannpháirtíochta a chur chun cinn, agus rochtain ar leac an dorais nó iompar poiblí inacmhainne a bheith ann.



[4] Tá dúshláin agus deiseanna breise leagtha amach san anailís SWOT in Aguisín 2.

# Téamaí Trasghearrtha agus Tuairimí ón Chomhairliúchán

## Téamaí an Chomhairliúcháin

### Cur Chun Cinn

TÁ GÁ LE TUILLEADH ARDAITHE FEASACHTA AGUS CUMARSÁIDE DÓIBH SIÚD A BHFUIL RÁTAÍ ÍSLE RANNPHÁIRTÍOCHTA ACU AGUS DO CHÓNAITHEOIRÍ NUA AGUS DO CHUAIRTEOIRÍ AR AN CHONTAE.

### Áiteanna

TÁ GO LEOR ÁITEANNA IONTACHA AGAINN, AGUS NÍ MÓR DÚINN IAD A CHAOMHNÚ, A CHOTHABHÁIL AGUS A BHUANÚ. TÁ GÁ AGAINN FREISIN LE TUILLEADH IONAD ATÁ SCARTHA ÓN TRÁCHT, INROCHTANA DO CHÁCH, DEARTHA GO HINBHUANAITHE, ATHLÉIMNEACH Ó THAOBH NA HAERÁIDE DE, AGUS IN AICE LÁIMHE.

### Daoine

NÍ MÓR DÚINN LEANÚINT DE THUILLEADH DAOINE A BHEITH PÁIRTEACH SA SAOL FAOIN AER I GCONTAE AN CHLÁIR AGUS IAD A CHOINNEÁIL ANN. NÍ MÓR DÚINN FREISIN CULTÚR ÁINEASA FAOIN AER A SPREAGADH ATÁ MEASÚIL AGUS COMHROINNTE AGUS ATÁ AG TEACHT LE PRIONSABAIL LEAVE NO TRACE.

### Rannpháirtíocht

NÍ MÓR DÚINN TACÚ LEIS AN RAON ATÁ AG FÁS DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS DE DHEISEANNA ÁINEASA FAOIN AER AR TALAMH AGUS AR UISCE TRÍ CHABHRÚ LE TUILLEADH BEALAÍ CHUN PÁIRT A GHLACADH: TRÍ CHLUBANNA, GO FÉINSTIÚRTHA, TRÍD AN OIDEACHAS FAOIN AER, AGUS TRÍ SHOLÁTHRAITHE TRÁCHTÁLA.

### Comhpháirtíocht

NÍ MÓR DÚINN AN COMHOIBRIÚ LEIS AN LÍONRA BRÍOMHAR GNÍOMHAIREACHTAÍ, EAGRAÍOCHTAÍ, OIBRITHE DEONACHA AGUS ÚINÉIRÍ TALÚN A BHUANÚ AGUS A NEARTÚ.

### Áiteanna

*"Is áit iontach í, saoráidí iontacha, ach tá an iomarca tóir uirthi beagnach."*

*"Tá tuilleadh cabhrach ag teastáil ó na pobail agus ó na hoibrithe deonacha chun saoráidí a chothabháil. Is deacra maoiniú a fháil don chothabháil ná don chonair a fhorbairt sa chéad áit."*

*"Ní bhraitheann rothaíocht ar na bóithre sábháilte, agus níl sí oiriúnach do pháistí."*

*"Caithfidh tú taisteal chun páirt a ghlacadh san áineas faoin aer, fiú go dtí an fhoraois áitiúil s'againne, mar níl aon chosán ann chuici."*

*"Is féidir go mbíonn sé deacair daoine áirithe a mhealladh chun páirt a ghlacadh mura bhfuil leithris ná áiteanna athraithe éadaigh ann."*



### Daoine

*"Is beag duine óg nó déagóir a bhíonn amuigh faoin aer mura mbíonn siad lena dtuismitheoirí."*

*"Níl tuiscint cheart ag a lán daoine atá nua don saol faoin aer. Fágann siad bruscar, ní thugann siad aire dá madraí agus ní chuimhníonn siad ar dhaoine eile. Níl an tuiscint acu, sin é."*

*"Go ginearálta, má bhíonn fadhb ann nó mura bhfuil a fhios agam conas rud éigin a dhéanamh, bíonn duine éigin nó eagraíocht éigin ann ar féidir liom dul chucu ag lorg cabhrach."*

*"Is féidir go mbíonn sé deacair ag daoine ar ioncam íseal dul chuig foraoisí agus chuig áiteanna eile a gcaithfidh tú tiomáint chucu."*

### Comhpháirtíocht

*"Tá go leor feirmeoirí sásta tacú leis an áineas faoin aer ar a gcuid talún ach uaireanta is féidir le rannpháirtí amháin atá míchúramach nó drochbhéasach blianta de dhea-chaidreamh a scrios."*

### Rannpháirtíocht

*"Nuair a bhíonn an aimsir go maith, glacann a lán daoine páirt, ach níl an mhuinín ná an tuiscint ag a lán acu gur féidir dul amach in aimsir nach bhfuil chomh maith céanna."*

*"Cuirimid cúrsaí ar fáil a ligeann do rannpháirtithe nua páirt a ghlacadh go sábháilte gan trealamh daor a cheannach, nó rud is measa, trealamh saor nach bhfuil a fhios acu conas é a úsáid."*

*"Is féidir gur tromluí é a bheith ag tiomáint ar na bóithre áitiúla mar gheall ar an trácht breise."*

*"Bíonn an áit plódaithe, agus is féidir go mbíonn sé deacair spás a fháil nó an iomarca daoine eile a sheachaint."*

*"Tá a lán daoine ag dul ag snámh in uisce oscailte agus ag bádóireacht dragan anois. Daoine a mbeifeá ag súil go mbeidís sa bhaile cois tine. Tá sé ar fheabhas."*

### Cur Chun Cinn

*"Nílim cinnte cá bhfaighidh mé eolas faoi áiteanna."*

*"Níl na háiteanna agus na gníomhaíochtaí folaithe atá ar eolas againne ar eolas ag daoine a thagann isteach sa chontae, fiú cónaitheoirí nua."*

*"Nílim cinnte conas a shroichfeá an óige, ná cad atá tarraingteach do dhaoine óga agus an oiread sin roghanna eile acu anois."*

## Plean Gníomhaíochta Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir

*Is é fís an Phlean Gníomhaíochta Áineasa Faoin Aer seo ná:*
*Rannpháirtíocht a chur chun cinn chun tairbhí sóisialta, sláinte agus eacnamaíocha agus caighdeán maireachtála a bhaint amach dár saoránaigh uile, agus meas á léiriú ag an am céanna ar ár dtírdhreach nádúrtha agus tacaíocht á tabhairt d'áineas freagrach faoin aer.*

Is é ár misean:
***Comhoibriú ionas go mbainfidh tuilleadh daoine taitneamh as an saol faoin aer i raon áiteanna iontacha.***

Leagann an Plean Gníomhaíochta seo a leanas amach conas a bhainfimid amach caighdeán maireachtála agus áiteanna inbhuanaithe áineasa faoin aer ar fud thrí cholún forbartha an áineasa faoin aer: (1) Comhoibriú, Ceannaireacht, Meas agus Eolas, (2) An Taithí a Spreagadh, (3) Acmhainn a Bhainistiú.

Tá na trí cholún seo bunaithe ar Théigh Amach Faoin Aer, an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027, agus ailínithe léi, mar seo a leanas:

### Ailíniú

Plean Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir:

Colúin agus Réimsí Gníomhaíochta.

Téigh Amach Faoin Aer, Cuspóirí Straitéiseacha an Phlean Náisiúnta Áineasa Faoin Aer.

**Comhoibriú, Ceannaireacht, Meas, Eolas**

Comhoibriú agus Ceannaireacht. Cultúr Measúil. Eolas

**An Taithí a Spreagadh**

Tuilleadh Deiseanna. Soláthraithe Inbhuanaithe. Rannpháirtithe Éagsúla.

**Acmhainn a Bhainistiú**

Ár mbonneagar a chothabháil, a fheabhsú agus a fhorbairt. Ár dTimpeallacht a Bhuanú. Comhoibriú le Contaetha comharsanachta.

- Ceannaireacht
- Timpeallacht
- Feasacht
- Deiseanna
- Bonneagar agus Rochtain
- Saineolas



# Colún a hAon: Comhoibriú, Ceannaireacht, Meas, Eolas

## Comhthuiscint agus comhoibriú ar mhaithe le háineas faoin aer atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe.

Is féidir áineas faoin aer atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe a bhaint amach nuair a bhíonn comhthuiscint ann i measc gach duine a bhfuil infheistíocht nó freagracht aige nó atá rannpháirteach. Mar shampla, úinéirí talún (príobháideacha agus stáit), pobail, maoir talún[5], agus beochantóirí gníomhaíochta[6]. Éilíonn an chomhthuiscint seo comhoibriú, ceannaireacht agus cumarsáid oscailte.

## Réimse Gníomhaíochta 1: Comhoibriú agus Ceannaireacht

Tabharfaidh Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC) taithí, dearcthaí agus guthanna earnáil an áineasa faoin aer le chéile ionas go mbeidh clár oibre comhroinnte soiléir agus ceannaireacht chomhsheasmhach ann. Cuirfidh CORC ionad comhoibrithe ar fáil do na páirtithe leasmhara éagsúla áineasa faoin aer sa Chontae. Tiocfaidh an coiste seo le chéile gach ráithe chun forbairt an áineasa faoin aer sa Chontae a chomhordú agus chun an Plean Gníomhaíochta seo a bhaint amach.

Bunófar fóram do pháirtithe leasmhara an áineasa faoin aer chomh maith. Áireofar leis an fhóram seo baill a bhfuil cuireadh tugtha dóibh, agus tiocfaidh sé le chéile uair sa bhliain ar a laghad chun dearcthaí áineasa faoin aer a phlé agus a chur faoi bhráid CORC.

Tacóidh an tOifigeach Áineasa Tuaithe (RRO) agus an tOifigeach Áineasa Faoin Aer (ORO) le baint amach an Phlean Áineasa Faoin Aer seo. Déanfaidh an tOifigeach Áineasa Faoin Aer maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean agus tacóidh sé leis.

## Réimse Gníomhaíochta 2: Eolas

Cumarsáid inrochtana chuimsitheach maidir le hacmhainní agus deiseanna áineasa faoin aer do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.

[5] Tá eagraíochtaí éagsúla ann a bhfuil ról maoirseachta, cosanta agus abhcóideachta acu ar son an tsaoil faoin aer, ar nós Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara, Foirne Baile, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Clár Uisce d'Údaráis Áitiúla, Iascach Intíre Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus eagraíochtaí eile.

[6] I measc na ngrúpaí a spreagann rannpháirtíocht faoin aer tá clubanna áineasa faoin aer, soláthraithe tráchtála gníomhaíochtaí, agus Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir.



### Comhoibriú agus Ceannaireacht

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P1:1 | Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC) agus Fóram Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORF) a bhunú agus a oibriú chun ionad comhoibrithe a chur ar fáil do líonra an áineasa faoin aer. | Ballraíocht ionadaíoch ar CORC.<br>CORC a theacht le chéile uair sa ráithe.<br>Cruinniú nó dhó de CORF in aghaidh na bliana.<br>Gníomhartha agus miontuairiscí foilsithe. | CSP |
| P1:2 | Cruinnithe Fhóram Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORF), cuairteanna ar láithreáin áineasa faoin aer, ceardlanna, deiseanna comhdhála agus saoráidí[7]. | Naisc le Comhairle na Tuaithe, le Spórt Éireann agus le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus lena n-acmhainní, lena gcomhdhálacha agus lena gceardlanna. | CSP |
| P1:3 | Saothrófar acmhainní bliantúla agus ilbhliantúla chun an plean gníomhaíochta a bhaint amach. | Próifíl tosaíochta acmhainní ilbhliantúla le haghaidh bonneagair, clár, imeachtaí agus oiliúna.<br>Próifíl foinsí maoinithe atá ailínithe leis na tosaíochtaí.<br>Méid na n-acmhainní bliantúla atá faighte. | CORC |

### Eolas

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P1:4 | Plean cumarsáide áineasa faoin aer a chur i gcrích don earnáil agus do rannpháirtithe. | Plean bliantúil cumarsáide áineasa faoin aer.<br>Athbhreithniú gach dara bliain ar an phleanáil agus ar an phróiseas cumarsáide. | CSP |
| P1:5 | Tairseach chuimsitheach áineasa faoin aer do Chontae an Chláir agus acmhainn meán sóisialta a fhorbairt nó tacú leo, a shainaithníonn na suíomhanna, na himeachtaí agus na deiseanna féinstiúrtha le haghaidh áineas éagsúil faoin aer sa Chontae. | Raon acmhainní ar líne, postálacha agus méadrachtaí rannpháirtíochta.<br>Meastóireacht ar acmhainní<br>ionchasacha tríú páirtí ar líne chun Tairseach Áineasa Faoin Aer an Chláir a óstáil, mar shampla, Get Ireland Active. | CORC |

[7] Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil, den chuid is mó, trí eagraíochtaí náisiúnta ar nós Spórt Éireann Faoin Aer.



# 12 O'CLOCK HILLS

**Comhthéacs**

Suite thart ar 5 km soir ó dheas ó Chill Chisín in Oirthear Chontae an Chláir, cuireann tionscadal áineasa agus oidhreachta **12 O'Clock Hills** meascán ar leith d'áilleacht nádúrtha, d'eachtraíocht faoin aer agus de thaithí chultúrtha ar fáil. Tá trí bhealach siúil dea-mharcáilte ag an tsaoráid, atá deartha go cúramach chun freastal ar leibhéil aclaíochta agus ar spéiseanna éagsúla, ó shiúlóidí oidhreachta suaimhneacha go cnocadóireacht lúbtha atá níos dúshlánaí.

**Idirghabháil**

Ar na **trí chonair** go léir, baineann cuairteoirí tairbhe as marcáil shoiléir bhealaigh (ag úsáid rinn saighde dearga, gorma agus corcra), as go leor pointí scíthe, agus as gnéithe léirmhínithe tarraingteacha ar nós léarscáileanna agus léachtán taispeána. Cuireann **ceann conaire Belvoir** go leor páirceála ar fáil, lena n-áirítear spásanna bus le háirithint roimh ré, agus cuireann saoráidí leithris agus veain bia ag an deireadh seachtaine leis an taithí atá fáilteach do chuairteoirí. Tá rannpháirtíocht láidir phobail mar bhonn faoin tionscadal, agus oibrithe deonacha áitiúla ag cur le cothabháil, le cothú conairí agus le comharthaíocht.

**Toradh**

Tá tionchar dearfach soiléir ag an tionscadal, agus úsáideoirí ag tabhairt faoi deara go minic go bhfuil feabhas tagtha ar a bhfolláine mheabhrach agus go bhfuil ceangal níos láidre acu leis an dúlra. Bíonn rátálacha úsáideoirí láidir go comhsheasmhach. Mar shampla, tá 4.6 réalta ag an **Chonair Ghorm as 526 léirmheas ar 'AllTrails'**. Cuireann an tsaoráid raon conairí ar fáil do gach cumas go rathúil, cuireann sí le rannpháirtíocht trí ghnéithe oidhreachta, agus tugann sí radharcanna leathana ar an tuath máguaird. Á bhainistiú go hinbhuanaithe ag coiste deonach áitiúil, seasann 12 O'Clock Hills mar eiseamláir de chonairí atá á mbainistiú ag an phobal sa chontae.





## Colún a Dó: An Taithí a Spreagadh

### Tuilleadh deiseanna, soláthraithe inbhuanaithe, rannpháirtithe éagsúla agus cultúr measúil.

Is dóichí go dtosófar agus go leanfar de rannpháirtíocht san áineas faoin aer má thugann imeachtaí agus cláir cuireadh do rannpháirtíocht, má chuireann siad roghanna éagsúla gníomhaíochta ar fáil, má choinníonn siad soláthraithe gníomhaíochta ar bun, agus má chuireann siad daoine eile cosúil leatsa san áireamh[8].

### Réimse Gníomhaíochta 3: Tuilleadh Deiseanna

Tuilleadh clár agus imeachtaí a spreagadh a thugann inspioráid, spreagadh agus treoir maidir le deiseanna éagsúla rannpháirtíochta sa saol faoin aer. Chomh maith le háineas gníomhach faoin aer, spreagfaimid tuilleadh deiseanna do ghníomhaíochtaí áineasa faoin aer atá machnamhach agus suaimhneach, ar nós machnaimh i suíomhanna faoin aer, feasacht chomhshaoil, taithí ar na healaíona, gairdíní pobail agus grianghrafadóireacht faoin aer.

### Réimse Gníomhaíochta 4: Soláthraithe Inbhuanaithe

Is pointí iontrála ríthábhachtacha iad clubanna áineasa faoin aer, ionaid oideachais faoin aer agus soláthraithe tráchtála, agus is féidir leo tacú le rannpháirtíocht leanúnach agus le deiseanna gairme san áineas faoin aer.

### Réimse Gníomhaíochta 5: Rannpháirtithe Éagsúla

Ba cheart go mbeadh gach duine inár bpobal[9], is cuma cén stádas coirp, intleachta, eacnamaíoch nó eile atá acu, ar an eolas faoin saol faoin aer, go mbraithfeadh siad go bhfuil fáilte rompu, agus go mbeadh sé ar a gcumas páirt a ghlacadh ann.

### Réimse Gníomhaíochta 6: Cultúr Measúil

Comhfheasacht agus comhchleachtas a chruthú maidir le hiompar freagrach sa chaoi a n-úsáidimid an saol faoin aer agus a dtugaimid aire dó.

[8] Cé go leanfaidh an tsiúlóireacht áineasa de bheith ar an ghníomhaíocht is mó a bhfuil tóir uirthi, bítear ag baint taithí as an saol faoin aer níos mó agus níos mó trí raon éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear (in ord aibítre): bádóireacht dragan, cadhcáil, dreapadóireacht carraige, iascaireacht slaite, rámhaíocht (intíre agus cósta), rothaíocht (grean, sléibhe nó conaire), seoltóireacht, snámh fiáin, snorcláil, surfáil, agus tumadóireacht scúba.

[9] I measc spriocghrúpaí Spórt Éireann tá mionlaigh eitneacha, mná agus cailíní, daoine óga i mbaol, daoine faoi mhíchumas, agus daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, gan a bheith teoranta dóibh sin.



#### Tuilleadh Deiseann

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P2:1 | Clársceidealú agus cur chun cinn chun tacú le rannpháirtithe nua ar fud gníomhaíochtaí áineasa faoin aer atá gníomhach agus machnamhach, ar talamh agus ar uisce. | Cláir ghníomhaíochta atá ann cheana, ar nós Her Outdoors agus cláir eile, a shainaithint a thacóidh le gníomhaíochtaí áineasa faoin aer.<br>Amchlár dhá uair sa bhliain de chláir agus de thionscnaimh a bhaineann leis an áineas faoin aer.<br>Líon na ngníomhaíochtaí éagsúla áineasa faoin aer agus na rátaí rannpháirtíochta. | CSP |
| P2:2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann cheana le haghaidh rannpháirtíochta leanúnaí agus dul chun cinn san áineas faoin aer, agus cláir agus imeachtaí beochana "Get out and Stay Out" a phíolótú. | Indéantacht clár nó acmhainní píolótacha chun rannpháirtíocht a choinneáil ar bun.<br>Líon na gclár píolótach a cuireadh i bhfeidhm, agus an ráta rannpháirtíochta agus coinneála. | CSP |

#### Soláthraithe Inbhuanaithe

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P2:3 | Scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht le clár Áineasa Faoin Aer do Scoileanna i rith na scoilbhliana. | Teagmháil le soláthraithe spóirt faoin aer agus le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt chun cur chuige píolótach a shainaithint.<br>Staidéar indéantachta curtha i gcrích. Líon na scoileanna a léirigh spéis agus atá páirteach. | CSP |
| P2:4 | Leanúint d'obair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an áineasa faoin aer chun cabhrú le clubanna atá ann cheana le hiarratais deontais agus le tacaíocht oiliúna, agus le teacht chun cinn clubanna nua. | Bonnlíne agus athruithe ar bhallraíocht clubanna. Líon na gclubanna nua a bunaíodh. Aschuir deontais agus oiliúna. | CSP |
| P2:5 | Leanfaimid de bheith i dteagmháil go díreach le soláthraithe tráchtála áineasa faoin aer, le soláthraithe oideachais faoin aer, agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun abhcóideacht a dhéanamh ar a son agus chun tacú lena soláthar áitiúil de thaithí áineasa faoin aer ar ardchaighdeán, i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon. | Próifíl na dtacaíochtaí agus na riachtanas bonneagair do sholáthraithe áineasa faoin aer. | CSP/ IAAT |
| P2:6 | Aon bhearnaí agus deiseanna maidir le hoiliúint teagascóirí áineasa faoin aer agus le forbairt fiontar a shainaithint. | Próifíl na soláthraithe áineasa faoin aer agus na taithí gníomhaíochta.<br>Anailís ar riachtanais oiliúna soláthraithe agus teagascóirí.<br>Acmhainní faighte. | LCETB & IAAT (CSP) |
| P2:7 | Meastóireacht a dhéanamh ar na himeachtaí rannpháirtíochta áineasa faoin aer ar mhórscála atá ann cheana agus ar an fhéidearthacht le himeachtaí breise sa Chontae. | Próifíl na n-imeachtaí atá ann cheana agus na ndeiseanna imeachta nua a d'fhéadfadh a bheith ann.<br>Measúnuithe ar cháilíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar shástacht na bpríomhimeachtaí. | CCC |

## Rannpháirtithe Éagsúla

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P2:8 | Próifíl a dhéanamh ar an rannpháirtíocht reatha san áineas faoin aer i gContae an Chláir agus bearnaí, bacainní agus deiseanna rannpháirtithe a shainaithint. | Athbhreithniú a dhéanamh ar ár modhanna comhairimh agus ár mbailiú sonraí cuairteoirí [10] agus aiseolas úsáideoirí ag láithreáin roghnaithe a fheabhsú.<br>Suirbhé próifíle rannpháirtíochta gach dara bliain, a shainaithneoidh tearcionadaíocht, bacainní ar rannpháirtíocht, saincheisteanna acmhainne, agus tionchair eacnamaíocha an áineasa faoin aer. | CORC (CLDC, CCC) |
| P2:9 | Na spriocghrúpaí tosaíochta le haghaidh rannpháirtíochta méadaithe san áineas faoin aer a shainaithint,<br>agus na tionscnaimh rannpháirtíochta a bhaineann leo agus atá riachtanach chun dul i dteagmháil leis na grúpaí seo. | Próifíl na spriocghrúpaí tosaíochta. Tionscnaimh shaincheaptha, líon spriocdhírithe rannpháirtithe agus rátaí sástachta.<br>Líon na Mol Eachtraíochta Uirbeacha nua.<br>Comhoibriú le Active Disability Ireland. | CSP |

## Cultúr Measúil

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P2:10 | Iompar freagrach a chur chun cinn ag gach ionad agus imeacht áineasa faoin aer. | Comhoibriú le Leave No Trace agus seachadadh seisiún agus imeachtaí oiliúna Leave No Trace.<br>Treoirlínte Chomhairle na Tuaithe le haghaidh Imeachtaí Gníomhaíochta Faoin Aer a ghlacadh agus a chur chun cinn.<br>Teachtaireachtaí agus cláir áineasa faoin aer i gContae an Chláir a ailíniú leis an fheachtas náisiúnta iompair fhreagraigh áineasa faoin aer atá ag teacht chun cinn. | CORC (LNT) |



[10] Ár sonraí agus ár n-iniúchadh saoráidí a chomhtháthú le bunachar sonraí digiteach náisiúnta Get Ireland Active.





cás-staidéar

# Kayak Le Chéile

Bhí drochsheasamh ag baint le hAbhainn na Fearghaise, atá in aice le Scoil Chríost Rí in Inis, lena n-áirítear eachtraí féinmharaithe.

Chun cabhrú leis an phobal ceangal a dhéanamh leis an abhainn arís ar bhealach níos dearfaí, mhaoinigh Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir clár píolótach cadhcála do rang a 4 go rang a 6 i Scoil Chríost Rí.

Rinne an clár seo an pobal a athnascadh leis an abhainn agus maoiníodh mol eachtraíochta uirbeach faoin aer trí na Cuntais Dhíomhaoine.

**Leathnaigh an club a chlár cadhcála chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:**

Kayak4Dads agus Kayak4Mums, cúrsa tosaigh cadhcála do thuismitheoirí na ndaltaí. Chuaigh roinnt tuismitheoirí a chríochnaigh é seo ar aghaidh chun a nGradam Cadhcála Leibhéal 1 a fháil, agus a bpáistí féin á bhronnadh orthu.

Bíonn Regatta Kayak Le Chéile, regatta cadhcála agus clárbhádóireachta ina seasamh (SUP) ar Abhainn na Fearghaise, ar siúl sa samhradh agus bíonn rásaí spraoi agus peadaló cuimsitheach ann.

Trí mhaoiniú ó na Cuntais Dhíomhaoine, bunaíodh club cadhcála, Kayak Le Chéile. Bhí baill den scoil agus den phobal ar choiste an chlub. Cheannaigh an maoiniú cadhcanna, clogaid, maidí rámha agus áiseanna snámhachta le húsáid ag na páistí sa scoil agus ag baill den phobal.

Chuir Ionad Oideachais Faoin Aer na Boirne oiliúint teagascóirí cadhcála ar fáil do dhaoine ó Scoil Chríost Rí, ó Sheirbhísí Óige an Chláir agus ó Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg in Inis.

Cuireadh cláir éagsúla cadhcála ar fáil trí Kayak Le Chéile. Chabhraigh sé seo le grá don chadhcáil agus don uisce mar ghníomhaíocht choirp a chothú i bpobal Chloch Liath in Inis.

# Colún a Trí: Acmhainn a Bhainistiú

Ár mbonneagar a bhainistiú, ár dtimpeallacht a bhuanú agus comhoibriú le Contaetha comharsanachta.

## Réimse Gníomhaíochta 7: Ár mBonneagar a Chothabháil, a Fheabhsú agus a Fhorbairt

- Ar dtús, ní mór dúinn sócmhainní áineasa faoin aer ár n-ionad atá ann cheana a chothabháil agus a athnuachan trí leanúint de thacú leis na pobail dhíograiseacha a chruthaíonn agus a bhainistíonn na saoráidí seo.
- Feabhsóimid áiseanna áineasa faoin aer nuair is féidir le tuilleadh páirceála, leithris agus comharthaíochta.
- Forbróimid saoráidí agus ionaid nua áineasa faoin aer chomh maith, go háirithe saoráidí lasmuigh den bhóthar don tsiúlóireacht agus don rothaíocht, agus an ciliméadar nasctha[11] idir pobail agus an saol faoin aer.
- Tacóimid le deiseanna cruthaitheacha iompair chun dáileadh agus ualach na rannpháirtíochta a bhainistiú agus chun acmhainní áineasa faoin aer an Chontae a chothromú go geografach.

## Réimse Gníomhaíochta 8: Ár dTimpeallacht a Bhuanú

Tá teorainneacha ann leis na suíomhanna agus le líon na rannpháirtithe ar féidir le timpeallacht agus le pobail óstacha tacú leo. Tá cónaí orainne anseo! Tá an t-athrú aeráide ag cur strusanna breise ar an saol faoin aer. Tá deiseanna ann freisin do thaithí áineasa faoin aer daoine a dhéanamh níos feasaí agus níos freagraí i leith na timpeallachta óstaí.

- Cloífidh an t-áineas faoin aer i gContae an Chláir le reachtaíocht reachtúil chomhshaoil agus le spiorad na reachtaíochta sin. Nuair is praiticiúil, déanfar áiseanna áineasa faoin aer a dhaingniú don todhchaí i leith an athraithe aeráide.
- Méadóidh saoráidí áineasa faoin aer an fheasacht agus an tuiscint ar an timpeallacht óstach agus ar luach na bithéagsúlachta.
- Tá gá le tuilleadh faireacháin agus meastóireachta ar líon na gcuairteoirí, ar bhearta acmhainne iompair agus ar thionscnaimh scaipthe cuairteoirí chun tacú le hinbhuanaitheacht na bpobal óstach ag ár n-ionaid áineasa faoin aer.

[11] Tugtar réiteach 'na míle deiridh' air uaireanta. Is éard atá sa chiliméadar nasctha na naisc fhisiciúla a éascaíonn do bhaill phobail a gceantair uirbeacha a nascadh le spásanna glasa agus gorma.



## Réimse Gníomhaíochta 9: Comhoibriú le Contaetha Comharsanachta

Tá roinnt ionad agus taithí áineasa faoin aer ann a rachaidh cur chuige comhroinnte lenár gContaetha comharsanachta chun tairbhe dóibh, ina measc:

- Slí Ghorm Loch Deirgeirt: suíomh agus cur chun cinn leanúnach Loch Deirgeirt mar cheann scríbe Slí Ghorm, agus tacú le forbairtí saoráidí ceann conaire.
- Droichead Uí Bhriain: ionad seanbhunaithe oiliúna rámhaíochta agus ionad pobail spóirt uisce atá ag teacht chun cinn, a bhfuil an fhéidearthacht ann le tuilleadh tuisceana agus úsáide a bhaint as sruthracha Chaisleán Uí Chonaill agus as nasc Chanáil Errina isteach i gCathair Luimnigh.
- Inbhear na Sionainne: tá creat idir-dhlínse muirbhunaithe seanbhunaithe i bhfeidhm ann (Contaetha an Chláir agus Luimnigh). Tá deiseanna ann chun an rochtain ar an inbhear a fheabhsú trí fhorbairt leanúnach saoráidí ag na moil spriocdhírithe le haghaidh gníomhaíochtaí gníomhacha, machnamhacha agus sa dúlra (breathnú deilfeanna agus éan).

**Ár mBonneagar a Bhainistiú**

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P3:1 | Leanúint de chloí le treoirlínte an Chláir Náisiúnta Conairí agus leis an phróiseas creidiúnaithe le haghaidh conairí talún agus uisce[12]. | Líon na gconairí cláraithe, leanúnachas agus cinn nua. | CLDC |
| P3:2 | Leanúint de chomhlíonadh na Scéime Siúlóidí sa Chontae agus, nuair is cuí, í a leathnú. | Ciliméadair conairí sa Scéim Siúlóidí, líon na n-úinéirí talún. | CLDC (FO) |
| P3:3 | Iniúchadh a dhéanamh ar ár sócmhainní áineasa faoin aer ar talamh agus ar uisce agus ar a dtosaíochtaí forbartha. | Plean Conairí Pobail le béim ar shuíomhanna a bhfuil soláthar íseal iontu agus ar thosaíochtaí an chiliméadair nasctha. | CORC (COILLTE, CLDC) |
| P3:4 | Scrúdú a dhéanamh ar acmhainní talún agus uisce uile Chontae an Chláir (muirí agus intíre) a chur faoi chreat coiteann cothabhála, forbartha, faireacháin agus cur chun cinn[13]. | Plean bainistíochta agus cothabhála conairí don Chontae. | CCC (CLDC) |
| P3:5 | Tacú le riachtanais iompair an áineasa faoin aer a chomhtháthú in aon athbhreithniú ar iompar poiblí nó ar shocruithe páirceála agus taistil. | Aighneachtaí chuig athbhreithniú iompair Chontae an Chláir.<br>Tuilleadh ailínithe idir seirbhísí iompair agus riachtanais an phobail áineasa. | CORC |

[12] Lena n-áirítear Treoirlínte an Great Outdoors maidir le hinrochtaineacht a ghlacadh.

[13] Mar fheidhm de chuid Choiste Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir.

**Ár dTimpeallacht a Bhuanú**

| Tag. | Gníomh | Táscaire | Ceannaire |
|---|---|---|---|
| P3:6 | Leanúint de chloí le reachtaíocht náisiúnta agus AE um chosaint an chomhshaoil ag gach ionad áineasa faoin aer. | Líon na saincheisteanna comhlíonta agus neamhchomhlíonta.<br>Liosta na láithreán cosanta atá faoi bhrú ón áineas faoin aer agus a gcuid saincheisteanna.<br>Próifíl bhliantúil na mbeart cosanta comhshaoil a cuireadh i bhfeidhm. | CCC |
| P3:7 | Indéantacht tionscnaimh teachtaireachta 'Tá cónaí orainne anseo!' a shainaithint chun feasacht ar an timpeallacht óstach agus gníomhartha acmhainne iompair a fheabhsú ag suíomhanna píolótacha áineasa[14] faoin aer i gContae an Chláir. | Staidéar indéantachta, líon na suíomhanna píolótacha a shainaithnítear, leibhéal na tacaíochta ón phobal agus ó ghníomhaireachtaí.<br>Comhtháthú le Beartas Turasóireachta Inbhuanaithe Chontae an Chláir.<br>Comhoibriú le Active Disability Ireland. | CORC |
| P3:8 | Cuspóirí agus tionscnaimh chomhfhorbartha áineasa faoin aer le contaetha comharsanachta a chur i gcrích. | Líon na gcuspóirí traschontae a shainaithnítear.<br>Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i gcontaetha comharsanachta.<br>Plean gníomhaíochta comhtháite dhá bhliain le contaetha comharsanachta, agus athbhreithniú air. | CCC |





[14] Oideachas, maoirseacht, a bheith sa dúlra, speicis ionracha a theorannú, foráiste agus eolaíocht shaoránach.





cás-staidéar

# Bus na Boirne NPWS -

## Seirbhís Laethúil ó Chora Finne go Ceann Conaire an Mhullaigh Mhóir – The Burren and Cliffs Explorer


**Comhthéacs agus Dúshlán**

Tá Boirinn ar cheann de na tírdhreacha is uathúla agus is bithéagsúla in Éirinn, agus meallann sí cuairteoirí lena móinéir shaibhre bláthanna fiáine, lena leaca aoil agus leis na siúlóidí lúbtha aitheanta timpeall an Mhullaigh Mhóir. Cruthaíonn trácht an bhuaicshéasúir pointí brú: plódú carranna ar bhóithre cúnga, páirceáil ad hoc ar thaobh an bhóthair in aice le cinn conaire (rud a mbíonn drochthionchar aige ar an fhásra), agus rioscaí sábháilteachta do shiúlóirí agus do rothaithe. Thuairiscigh cónaitheoirí áitiúla i gCora Finne, an chéad stad do chuairteoirí go minic, nach raibh bealaí soiléire íseal-tionchair ag a lán turasóirí chun Conairí Pháirc Náisiúnta na Boirne a bhaint amach gan charr. Rinneadh difear do spriocanna caomhnaithe na Páirce Náisiúnta, do riachtanais na ngnólachtaí áitiúla, agus do thaithí na gcuairteoirí.

Táthar ag súil go bhfásfaidh líon na gcuairteoirí ar Pháirc Náisiúnta na Boirne agus, san fhadtéarma, beidh gá le roinnt beart bainistíochta inbhuanaithe cuairteoirí, lena n-áirítear bealach siúil agus rothaíochta lasmuigh den bhóthar idir ionad cuairteoirí na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) i gCora Finne agus tailte Pháirc Náisiúnta na Boirne ag an Mullach Mór.

**Idirghabháil**

Tugadh bus reatha Pháirc Náisiúnta na Boirne NPWS isteach mar sheirbhís tointeála shimplí iontaofa a nascann Cora Finne le ceann conaire na páirce gach lá ó Bhealtaine go deireadh Lúnasa. Tá na 14 thuras sceidealta in aghaidh an lae dírithe ar ghnáthphatrúin seiceála amach lóistín agus turas lae. Cuireann an tseirbhís imeachtaí agus fillte laethúla iomadúla ar fáil, le stad atá marcáilte go soiléir i sráidbhaile Chora Finne agus pointe fágála agus bailithe ag an phríomhcheann conaire in aice leis an Mullach Mór. Tá na táillí saor in aisce chun glacadh a spreagadh agus tá spás leithdháilte do mhálaí droma. Tá an tseirbhís brandáilte le go n-aithneofar láithreach í, agus cuireann oiliúint na dtiománaithe béim ar theachtaireachtaí Leave No Trace chomh maith le faisnéisiú sábháilteachta.





## Conas a Oibríonn Sé

Tugann oibríochtaí tús áite d'iontaofacht agus do mhaoirseacht. Leanann an bus amchlár seasta, atá foilsithe ar fud ionad cuairteoirí, soláthraithe lóistín agus na meán sóisialta. Sula dtéann cuairteoirí ar bord, tugann Treoraithe NPWS ag Pointe Eolais Pháirc Náisiúnta na Boirne i gCora Finne faisnéisiú dóibh ar fhiadhúlra agus ar thírdhreach na Páirce Náisiúnta agus ar a tábhacht, chomh maith le heolas ar bhealaí siúil marcáilte, ar fheasacht aimsire, ar bhéasa caomhnaithe, agus ar gach rud eile is gá dóibh a bheith ar eolas acu chun cuairt thaitneamhach, shábháilte agus fhreagrach a bheith acu.

Is féidir an bus saor in aisce a chur in áirithe ag – **www.nationalparks.ie/burren**

### Torthaí

Cé go n-athraíonn na figiúirí cruinne de réir an tséasúir, tá patrún comhsheasmhach tairbhí léirithe ag an tseirbhís:

- Plódú Laghdaithe agus Bóithre Níos Sábháilte: cuireann acmhainn laethúil na tointeála mórán carranna príobháideacha ó bhóthar i rith na mbuaicmhíonna.
- Taithí Fheabhsaithe Cuairteoirí: sroicheann siúlóirí an ceann scríbe agus iad ar a suaimhneas, treoshuite, gan a bheith gafa le páirceáil ná le bóithre cúnga a threabhadh. Cruthaíonn na turais fillte nóiméad nádúrtha 'faisnéisithe' a neartaíonn moltaí ó bhéal.
- Buntáistí Comhshaoil: cuireann an bus tointeála rogha iompair níos inbhuanaithe ar fáil, le níos lú turas carranna, rud a laghdaíonn astaíochtaí agus a mhaolaíonn creimeadh na gciumhaiseanna timpeall ar phointí rochtana a bhfuil tóir orthu. Déanann faisnéisiú caomhnaithe na foirne gnáthrud d'iompar Leave No Trace.
- Luach Eacnamaíoch Áitiúil: baineann gnólachtaí Chora Finne tairbhe as coisithe roimh chnocadóireacht agus ina diaidh. Faigheann caifí trádáil caife maidine agus bia le tabhairt amach, agus faigheann tithe tábhairne agus siopaí gnó tráthnóna agus na siúlóirí ag filleadh.
- Inrochtaineacht agus Cuimsiú: leathnaíonn an bus an rochtain ar Pháirc Náisiúnta na Boirne do chuairteoirí gan charr, do dhaoine óga, agus do dhaoine níos sine ar fearr leo gan bóithre tuaithe neamhchoitianta a thiomáint.

### Conclúid

Léiríonn Bus na Boirne NPWS gur féidir le tointeáil bheag laethúil ó Chora Finne go ceantar an Mhullaigh Mhóir i bPáirc Náisiúnta na Boirne tairbhí móra a bhaint amach: cabhrú le timpeallacht iontach a chosaint, tacú le slite beatha áitiúla, agus bealach níos sábháilte agus níos taitneamhaí a thabhairt do chuairteoirí chun taithí a fháil ar Bhoirinn.





| Giorrúchán | Eagraíocht |
|---|---|
| Coillte | Coillte |
| CORC | Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir |
| CORF | Fóram Áineasa Faoin Aer an Chláir |
| CP | Soláthraithe Tráchtála Gníomhaíochtaí |
| FO | Eagraíochtaí Feirmeoireachta |
| CCC | Comhairle Contae an Chláir |
| CLDC | Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir |
| CSP | Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir |
| CTD | Forbairt Turasóireachta an Chláir |
| IAAT | Cumann Turasóireachta Eachtraíochta na hÉireann |
| LCETB | Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir |
| LNT | Leave No Trace |
| NPWS | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| ORO | An tOifigeach Áineasa Faoin Aer |
| RRO | An tOifigeach Áineasa Tuaithe |
| NGB | Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt |





## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Aithníonn an Plean Gníomhaíochta seo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus tacaíonn sé leo. Go háirithe, cuirtear na spriocanna seo a leanas i ngníomh sa phlean seo.

SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE
SEACHT SPRIOC DÉAG CHUN AN DOMHAN A ATHRÚ

| | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | Gníomhartha |
|---|---|---|
| 3 DEA-SHLÁINTE AGUS FOLLÁINE | 3. Dea-Shláinte agus Folláine: Córais sláinte níos fearr agus níos inrochtana chun ionchas saoil a mhéadú | 2:1, 2:2, 2:8 |
| 4 OIDEACHAS ARDCHAIGHDEÁIN | 4. Oideachas Ardchaighdeáin: Oideachas cuimsitheach chun soghluaisteacht shóisialta aníos a chumasú agus chun deireadh a chur leis an bhochtaineacht | 1:5, 2:3, 2:6 |
| 5 COMHIONANNAS INSCNE | 5. Comhionannas Inscne: Oideachas is cuma cén inscne, dlíthe comhionannais a chur chun cinn, ionadaíocht níos córa do mhná | 2:8, 2:9 |
| 9 TIONSCAL, NUÁLAÍOCHT AGUS BONNEAGAR | 9. Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar: Fostaíocht agus ioncam a ghiniúint tríd an nuálaíocht | 2:5, 2:6 |
| 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE | 11. Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe: Cathracha a dhéanamh sábháilte, cuimsitheach, athléimneach agus inbhuanaithe | 2:5, 2:8 |
| 14 SAOL FAOI UISCE | 14. Saol Faoi Uisce: Caomhnú éagsúlacht mhuirí a chur chun cinn agus cleachtais iascaireachta a rialáil | 3:1, 3:3, 3:4, 3:6, 3:7 |
| 15 SAOL AR TALAMH | 15. Saol ar Talamh: Dífhoraoisiú agus fásaigh de dhéantús an duine a aisiompú chun an bheatha uile ar domhan a bhuanú | 2:10, 3:1, 3:3, 3:4, 3:6, 3:7 |

## Aguisín 1: Straitéisí Náisiúnta agus Áitiúla

Múnlaíonn creataí náisiúnta éagsúla forbairt Chontae an Chláir, ina measc:

- Tosaíochtaí infheistíochta Thionscadal Éireann 2040 maidir le geilleagair thuaithe neartaithe, soghluaisteacht inbhuanaithe agus áiseanna agus oidhreacht fheabhsaithe.
- Clár Forbartha Tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta, an Talmhaíocht Ilfheidhmeach agus Clár LEADER.
- Ár dTodhchaí Tuaithe agus an t-éileamh méadaithe ar áineas faoin aer agus ar thurasóireacht thuaithe.
- Cuireann Ár dTodhchaí Chomhroinnte béim ar íomhá na hÉireann mar cheann scríbe saoire do ghníomhaíochtaí faoin aer.

**Comhthéacs an Bheartais agus na Straitéise Náisiúnta**

**Tionscadal Éireann 2040** → **An Plean Forbartha Náisiúnta (NDP)**
**An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF)**

Áirítear leis na tosaíochtaí infheistíochta:

- Forbairt Réigiúnach Chothrom
- Geilleagair Thuaithe Neartaithe
- Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Áiseanna agus Oidhreacht Fheabhsaithe
- Sochaí Ísealcharbóin Athléimneach ó Thaobh na hAeráide de

**An Comhbheartas Talmhaíochta** → Cláir Forbartha Tuaithe An Talmhaíocht Ilfheidhmeach Clár LEADER

**Ár dTodhchaí Tuaithe** → Éileamh méadaithe ar áineas faoin aer agus ar thurasóireacht thuaithe.

**Ár dTodhchaí Chomhroinnte** → Íomhá na hÉireann mar cheann scríbe saoire do ghníomhaíochtaí faoin aer.

An Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer

Forbairt Slite Gorma agus Glasbhealaí

**Cuireann an Straitéis Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Áineasa Faoin Aer maidir le rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú comhthéacs náisiúnta spóirt ar fáil do Phlean Áineasa Faoin Aer an Chláir.**

### Beartas agus Straitéis Náisiúnta Spóirt

**Taithí ar ardchaighdeán, rath idirnáisiúnta.** → **An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027**

- Rannpháirtíocht Mhéadaithe
- Sármhaitheas
- Acmhainn Fheabhsaithe

**Éire ghníomhach inar féidir le gach duine tairbhí an spóirt agus na gníomhaíochta coirp a bhaint amach ar feadh a saoil.** → **Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027**

- Beartais Ghníomhacha
- Prionsabail Ghníomhacha
- Daoine Gníomhacha
- Áiteanna Gníomhacha
- Comhpháirtithe Gníomhacha
- Cur Chun Cinn Gníomhach

**Téigh Amach Faoin Aer** → **An Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer**

- Rochtain fheabhsaithe ar an saol faoin aer
- Bonneagar Inbhuanaithe
- Áineas freagrach
- Tacú le geilleagair thuaithe
- Comhoibriú agus comhpháirtíocht
- Feasacht agus rannpháirtíocht
- Infheistiú san áineas faoin aer

**Beartas agus Straitéis Turasóireachta Náisiúnta agus Réigiúnach**

**Daoine, Áit agus Beartas: An Turasóireacht a Fhás go 2025**

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.**

An rannchuidiú eacnamaíoch is mó agus sócmhainní oidhreachta neamhluachmhara á gcosaint. Aistriú ó líon na gcuairteoirí thar lear go hioncam ó chuairteoirí.

- Áit: An dúil chun cuairt a thabhairt a mhéadú, mothú áite
- Daoine: An acmhainn chun taithí ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Údaráis Áitiúla ag tacú le pobail, lena n-eagraíochtaí agus lena n-imeachtaí

**Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2023-2027**

Slí an Atlantaigh Fhiáin mar 'mheice faoin aer', agus an t-áineas faoin aer mar chomhpháirt ríthábhachtach de tháirge agus de thaithí na turasóireachta.

- Táirgí áineasa faoin aer a fhorbairt agus a fheabhsú chun taitneamh gníomhach a bhaint as na tírdhreacha agus na muirdhreacha
- Béim ar an éiceathurasóireacht agus ar thaithí 'turasóireachta moille'
- Líonra saoráidí inbhuanaithe spóirt uisce, glasbhealaí, slite gorma agus bealaí rothaíochta
- Cosán cósta, suíomhanna ardtailte feabhsaithe, agus feabhsuithe ar an bhonneagar tacaíochta
- Áineas faoin aer: an séasúr a shíneadh agus an scaipeadh a mhéadú
- Pobail ag forbairt agus ag bainistiú sócmhainní
- Comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara

**Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Chroílár Folaithe na hÉireann**

'Gníomhach sa dúlra', agus an t-áineas faoin aer agus gníomhaíochtaí dúlrabhunaithe mar chroícholún.

- Glasbhealaí, slite gorma, áineas uiscebhunaithe feabhsaithe agus conairí siúil agus rothaíochta, taithí dúlrabhunaithe agus éiceathurasóireachta, agus Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne a chur i bhfeidhm
- Tionscnaimh turasóireachta athghiniúnaí a fhorbairt agus acmhainn a thógáil chun leas a bhaint as sócmhainní faoin aer
- Líonra conairí a nascann bailte agus nithe is díol spéise
- Cur chuige éiceathurasóireachta agus forbairt inbhuanaithe an áineasa faoin aer
- An bonneagar agus na saoráidí a fheabhsú



**Straitéisí Spóirt agus Turasóireachta Chontae an Chláir**

**Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir**

Is é aidhm Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir an Clár a chur ag gníomhú trí:

- Rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú
- A chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní áitiúla
- Príomhlucht tionchair a chomhordú chun deiseanna spóirt a fhorbairt tuilleadh do phobail áitiúla
- Nasc ríthábhachtach a chur ar fáil idir riachtanais mhuintir na háite, eagraíochtaí spóirt agus gníomhaireachtaí.

**Plean Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp Áitiúil an Chláir**

An t-áineas faoin aer mar chuid lárnach de thírdhreach níos leithne an spóirt agus na gníomhaíochta coirp.

- An timpeallacht nádúrtha a bharrfheabhsú chun rannpháirtíocht i spóirt faoin aer a mhéadú.
- Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC) agus Fóram Páirtithe Leasmhara an Chontae a fhorbairt.
- Rochtain ar shaoráidí athraithe éadaigh, ar shoilsiú agus ar leithris a fheabhsú ag príomhcheann scríbe faoin aer
- Scéimeanna iompair atá ann cheana a leathnú chun an rochtain ar cheann scríbe faoin aer a fheabhsú.
- Deiseanna rannpháirtíochta le haghaidh stíleanna maireachtála gníomhacha, is cuma cén cúlra nó cén cás.
- Ag obair le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe chun na straitéisí seo a chur i bhfeidhm.

**Ag Treorú ár nAistir chuig Todhchaí Nua Bhríomhar sa Turasóireacht**

**Straitéis Turasóireachta Chontae an Chláir 2030**

Ceann scríbe a bhfuil cáil dhomhanda air, atá inbhuanaithe agus bríomhar, gníomhaíochtaí eachtraíochta tarraingteacha, taithí shuntasach, cultúrdhreach saibhir agus beogacht chomhaimseartha le traidisiúin dhomhanfhréamhaithe sa cheol, sa spórt agus sa nuálaíocht.

- An t-áineas faoin aer agus an turasóireacht eachtraíochta mar phríomhcholún agus mar chroíneart
- Tírdhreacha éagsúla talún agus uisce, speictream ceann scríbe agus taithí áineasa
- Cur chuige inbhuanaithe, pleananna bainistíochta cuairteoirí chun ár sócmhainní comhshaoil agus radhairc a chosaint
- Nascacht conairí a fheabhsú, conairí agus bonneagar a fhorbairt agus a bhainistiú
- Ceann scríbe rothaíochta agus príomhréimse fáis
- Tuilleadh táirgí agus taithí áineasa faoin aer

## Téigh Amach Faoin Aer

## An Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027

**"Domhan gníomhaíochtaí do chách"**

UAILLMHIAN

MAR THORADH AIR SIN

- Rochtain fheabhsaithe ar an saol faoin aer
- Bonneagar Inbhuanaithe.
- Áineas freagrach.
- Tacú le geilleagair thuaithe
- Comhoibriú agus comhpháirtíocht
- Feasacht agus rannpháirtíocht
- Infheistiú san áineas faoin aer

Á BHAINT AMACH AR FUD SÉ CHOLÚN

- **Ceannaireacht**
- **Timpeallacht**
- **Feasacht**
- **Deiseanna**
- **Bonneagar agus Rochtain**
- **Saineolas**

COMHLÁNAITHE LAISTIGH DE 'THOSAÍOCHT NA TIMPEALLACHTA NÁDÚRTHA' I BPLEAN SPÓIRT AGUS GNÍOMHAÍOCHTA COIRP AN CHLÁIR

### Plean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp do Chontae an Chláir

- Plean Áineasa Faoin Aer do Chontae an Chláir a fhorbairt
- Cur chuige pleanáilte comhordaithe i leith an áineasa faoin aer trí Choiste Áineasa Faoin Aer an Chláir (CORC)
- Saoráidí tacaíochta a fheabhsú ag príomhcheann scríbe faoin aer
- Scrúdú a dhéanamh ar scéimeanna iompair atá ann cheana a leathnú chuig ceann scríbe faoin aer
- Scrúdú a dhéanamh ar rochtain ar phríomháineas faoin aer agus ar phríomhcheann scríbe
- Leas a bhaint as deiseanna maoinithe atá ag teacht chun cinn le haghaidh tionscnaimh áineasa faoin aer

### Plean Áineasa Faoin Aer Chontae an Chláir

- Cinntíonn sé Comhoibriú agus Comhordú na bPáirtithe Leasmhara
- Déanann sé tosaíocht chomhchoiteann de conas ar cheart acmhainní agus infheistíochtaí a dhíriú.

AG CUR LEIS AN TURASÓIREACHT

Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin

Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Chroílár

Folaithe na hÉireann Ag Treorú ár nAistir chuig Todhchaí Nua Bhríomhar sa Turasóireacht Straitéis

Turasóireachta Chontae an Chláir 2030

### Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029

- Áineas faoin aer le haghaidh stíleanna maireachtála gníomhacha sláintiúla, folláine pobail, turasóireacht, geilleagar tuaithe
- Cothromaíocht idir an t-áineas agus cosaint an chomhshaoil
- Bealaí siúil agus rothaíochta fadraoin, ag nascadh le líonraí náisiúnta
- Príomhshuíomhanna: Inbhear na Sionainne, Loch Deirgeirt, Boirinn, agus ceantair chósta



# Aguisín 2: An Timpeallacht Straitéiseach

## Forbhreathnú SWOT ar chomhthéacs an áineasa faoin aer i gContae an Chláir

### Láidreachtaí

- Tá tránna, aillte, aibhneacha, lochanna, ísealtailte agus ceantair chnocacha áille faoin aer i gContae an Chláir a thacaíonn le gníomhaíochtaí éagsúla faoin aer.
- Tá líonra conairí talún atá ag fás ann agus bonn ionad gníomhaíochta uisce atá ag teacht chun cinn, agus tá saoráidí tacaíochta feabhsaithe ag a lán acu ar nós leithris phoiblí.
- Baineann a lán cónaitheoirí taitneamh as gníomhaíochtaí faoin aer, an tsiúlóireacht go príomha, agus tá tóir ag méadú ar spóirt uisce (muirí agus intíre).
- Is ceann scríbe é Contae an Chláir a bhfuil tóir air ag tosaitheoirí, ag rannpháirtithe ócáideacha agus ag rannpháirtithe a bhfuil taithí acu san áineas faoin aer.
- Tá clubanna áitiúla áineasa faoin aer agus soláthraithe oideachais faoin aer agus gníomhaíochtaí tráchtála gníomhach sa Chontae.
- Tá stair chomhoibrithe agus féile san áineas faoin aer idir úinéirí talún, rannpháirtithe, pobail, oibrithe deonacha, an Chomhairle Contae, gníomhaireachtaí agus soláthraithe gníomhaíochta.
- Tá feasacht agus spéis láidir áitiúil ann i leith inbhuanaitheacht an chomhshaoil.
- Laghdaíonn roinnt tionscnamh iompair phoiblí agus páirceála agus taistil an trácht feithiclí chuig ionaid a bhfuil tóir orthu.
- Cé gur ar mhaithe le háineas a ghlacann formhór na ndaoine páirt sa saol faoin aer, bíonn comórtais ann freisin i spóirt ar nós rámhaíochta agus triatlain.
- Déanann roinnt suíomhanna áineasa faoin aer a ndícheall daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh.
- Is sócmhainn thábhachtach turasóireachta sa Chontae é an t-áineas faoin aer.
- Tá deiseanna oiliúna do theagascóirí áineasa faoin aer ann.

### Laigí

- Tá dáileadh míchothrom acmhainní agus cuairteoirí ann. Dá bhrí sin, tá acmhainn chomhshaoil agus acmhainn iompair pobail roinnt láithreán áineasa faoin aer a bhfuil tóir orthu i mbaol a sháraithe[15].
- Is féidir go mbíonn rannpháirtithe ócáideacha agus núíosacha níos lú i dtiúin le cultúr an áineasa faoin aer. Bíonn drochchleachtais sábháilteachta, páirceáil neamhthuisceanach, coimhlint le húsáideoirí eile, drochsmacht ar mhadraí, easpa measa ar chearta úinéirí talún, agus bruscar mar thoradh ar an easpa taithí seo.
- Tá saoráidí páirceála teoranta ag roinnt suíomhanna.
- Tá seirbhísí tacaíochta teoranta ag roinnt ceann conaire, ar nós leithris agus saoráidí caife agus sneaiceanna.
- Tá saoráidí athraithe éadaigh agus rochtain níos éasca ar an uisce de dhíth ag roinnt láithreán gníomhaíochta uisce a bhfuil ardúsáid orthu.
- Ní féidir le líonra bóithre i gcodanna den Chontae déileáil le méid comhcheangailte an tráchta áineasa faoin aer, turasóireachta agus cónaitheoirí.
- Tá an t-iompar poiblí chuig agus ó láithreáin áineasa faoin aer an Chontae teoranta, rud a chuireann bac ar rannpháirtithe nach bhfuil iompar príobháideach acu.
- Is dúshlán leanúnach é tuilleadh ionad áineasa faoin aer a dhéanamh inrochtana do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Ní bhíonn rochtain phoiblí ar thalamh phríobháideach le haghaidh áineasa faoin aer indéanta i gcónaí.
- Tá na hionaid siúil agus rothaíochta ar an bhóthar atá ann cheana sa Chontae níos lú ábhartha do rannpháirtithe mar gheall ar bhuarthaí sábháilteachta.
- Tá drochshoilsiú ag roinnt ionad. I D'fhéadfadh saoráidí áineasa faoin aer a bheith ar fáil níos forleithne lasmuigh de na príomhlárionaid daonra.

[15] Bíonn tionchar ag an tsaincheist acmhainne seo ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil, ar thaithí phlódaithe áineasa faoin aer, agus ar spásanna pobail atá sáraithe, ar nós bóithre áitiúla agus limistéir pháirceála.

# Aguisín 2: An Timpeallacht Straitéiseach

## Forbhreathnú SWOT ar chomhthéacs an áineasa faoin aer i gContae an Chláir

| Deiseanna | Bagairtí |
|---|---|
| • Ós rud é go bhfuil ardleibhéal rannpháirtíochta tosaigh ann, tá an fhéidearthacht ann rannpháirtíocht fhadtéarmach san áineas faoin aer a fhás i measc tosaitheoirí.<br>• Tá tuilleadh scóip ann le haghaidh saoráidí agus clár cuimsitheach áineasa faoin aer.<br>• Tá an fhéidearthacht ann éagsúlacht na n-ionad áineasa faoin aer agus<br>• na saoráidí ag na hionaid seo a leathnú. Is príomhréimse fáis rannpháirtithe iad gníomhaíochtaí uisce.<br>• Tá éileamh follasach ann ar chonairí breise siúil agus rothaíochta lasmuigh den bhóthar le haghaidh áineasa, turasóireachta agus iompair, agus Glasbhealach a fhorbairt go háirithe.<br>• Ba cheart forbairtí áineasa faoin aer ar theorainneacha na gcontaetha comharsanachta a bhreithniú.<br>• Is féidir le Coiste Áineasa Faoin Aer an Chláir agus leis an Fhóram Poiblí atá ag teacht chun cinn tacú tuilleadh le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara.<br>• Tá áineas faoin aer atá machnamhach agus séimh ag fás, ar nós folctha foraoise, aireachais, maoirseachta comhshaoil agus cruthaitheachta faoin aer.<br>• Is féidir acmhainní saibhre éagsúla oidhreachta agus ealaíon an Chontae a chomhtháthú tuilleadh sa taithí áineasa faoin aer.<br>• Tá deiseanna ann le haghaidh tuilleadh clár áineasa faoin aer atá scoilbhunaithe.<br>• Mol eolais agus láithreacht dhírithe ar líne don áineas faoin aer sa Chontae.<br>• D'fhéadfadh éagsúlacht gníomhaíochtaí, saoráidí feabhsaithe agus clársceidealú breise séasúr an áineasa faoin aer a shíneadh tuilleadh. | Is iad na príomhbhagairtí ná an timpeallacht agus cáilíocht na taithí a bhuanú i bhfianaise an athraithe aeráide, an éilimh leanúnaigh ar áineas faoin aer, agus brúnna eile talún agus uisce.<br>Tá an fhéidearthacht ann go mbainfeadh na saincheisteanna seo an bonn ó:<br>• Chomhoibriú agus cumarsáid na bpáirtithe leasmhara.<br>• Cáilíocht roinnt ionad áineasa faoin aer.<br>• Cáilíocht an uisce agus truailliú ag ionaid áineasa.<br>• Cosaint gnáthóg agus bithéagsúlachta, lena n-áirítear scaipeadh féideartha speiceas ionrach.<br><br>Tá bagairtí ann freisin de bharr:<br>• Spíonadh oibrithe deonacha nó pobail.<br>• Iompar míchuí agus míchúram rannpháirtithe.<br>• Easpa tuisceana agus measa ar oibríochtaí príobháideacha feirmeoireachta agus foraoiseachta.<br>• Easpa feasachta agus taithí i suíomhanna faoin aer a bhíonn contúirteach uaireanta.<br>• Coinbhleachtaí féideartha idir grúpaí úsáideoirí éagsúla.<br>• Easpa acmhainní d'ionaid agus do bhonneagar. |




**Buíochas le** Humphrey Murphy ó Irish Leisure Consultants as a chuid oibre ar an chomhairliúchán agus ar an phlean. Buíochas freisin le hEdel Butler as dearadh amhairc na cáipéise.



Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir
Clare Local Development Company

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

COILLTE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clare Sports Partnership
SPORT IRELAND